6th Year Ordinary Level Irish Students
Worried about your exam in June?

Ná bí buartha!! Study the sample questions and solutions **specially geared to Leaving Cert 2000** and improve your results

A - PRÓS DUALGAIS - (35 mharc)

(a) (i) "Ar shlí eile is measa an tseanlady ná é." (Mise Mé Féin)

Cad a bhí i gceist ag Aodh leis an gcaint sin? (5 mharc)
Tabhair cuntas ar mháthair Aodha mar a thugtar faoi sa sliocht. (20 mharc)

(ii) Cén sórt duine é athair Bheití? (10 mharc)

Freagra Samplach

(i)

- Dúirt sé é sin mar bhí a mháthair **i gcónaí ag cur ceisteanna air** - "Cá raibh tú aréir?" "Cá bhfuil tú ag dul anocht?"- mar cheap sí go raibh sé ina leanbh go fóill agus é ocht mbliana déag d'aois.
- Chomh maith le sin bhí **sí i gcónaí ag tabhairt ordaithe dó** deoch agus drugaí a sheachaint.

- Bhí máthair Aodha ar aon intinn lena fear chéile. Bhí athair Aodha **an-chúramach leis an airgead** agus bhí sise mar an gcéanna. Ba bhreá leí bheith ag caint faoi na seascaidí agus cé chomh h-iontach agus a bhí gach rud ag an am sin. Ach cheap Aodh go raibh an t-airgead gann go leor sa teach ag an am sin freisin**.**
- Bhí trua ag Aodh di agus **í ceangailte den teach** agus don seanleaid i gcónaí. Bhí go leor oibre le déanamh aici, ag cócaireacht, ag ní agus ag glanadh gach uile lá. Thug sí an-aire d'Aodh agus choimeád sí suíl ghéar air i gcónaí, ag cur ceisteanna air faoi cá raibh sé ag dul agus cé bhí ag dul leis.
- Cheap sí go raibh Aodh ina leanbh go fóill agus bhí sí i gcónaí ag tabhairt comhairle dó deoch agus drugaí agus go leor rudaí eile a sheachaint.

(ii)

- **Ní raibh aon suim ag athair Bheití san oideachas** agus mar sin níor chuir sé aon bhrú ar Bheití dul go dtí an Ollscoil. D'iarr sé uirthi éirí as an staidéar agus post beag a fháil**.**
-Bhí sé tugtha don ól agus b'fhearr leis an t-airgead a chaitheamh ar an ól. **Chaill sé a phost** nuair a dhún an mhonarcha. Pé scéal **é bhí an-mheas ag Beití air** mar choimeád sé an chlann le chéile agus thóg iad nuair a fuair an mháthair bás.

© Mícheál Ó Catháin 2000

Complete sample exams and solutions to be found in "Ordinary Level Irish LC Questions & Answers 2000"